Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Meán Fómhair 2017 (OR. en)**

**12552/17**

**AGRI 499**
**AGRIFIN 94**
**FIN 571**
**ENV 770**

## TORADH NA nIMEACHTAÍ

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/an Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | WK 6117 2017: 5647/17: 5647/17 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 34/2016 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: "Combating Food Waste: an opportunity for the EU to improve the resource-efficiency of the food supply chain" <br> *- Conclúidí ón gComhairle (25 Meán Fómhair 2017)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le:

*Tuarascáil Speisialta Uimh. 34/2016 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: "Combating Food Waste: an opportunity for the EU to improve the resource-efficiency of the food supply chain"*

a ghlac an Chomhairle ag an 3560ú cruinniú a bhí aici ar an 25 Meán Fómhair 2017.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 34/2016 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:**

**"Combating Food Waste: an opportunity for the EU to improve the resource-efficiency of the food supply chain"**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta 34/2016 ón gCúirt, ina scrúdaítear an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an Aontas maidir leis an gcur amú bia a chomhrac;

(2) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur mian leis an gComhairle an fhadhb a bhaineann le cur amú bia a chomhrac agus MEABHRAÍONN SÍ i ndáil leis sin:

- na conclúidí ón gComhairle maidir leis "an ciorcal a shlánú - plean gníomhaíochta an Aontais don gheilleagar chiorclach" an 20 Meitheamh 2016[1]; agus
- na conclúidí ón gComhairle maidir le 'caillteanas bia agus cur amú bia' an 28 Meitheamh 2016[2];

(3) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar na geallsealbhóirí eile aird chuí a thabhairt ar na conclúidí sin ón gComhairle agus iad i mbun obair leantach a dhéanamh ar na moltaí ón gCúirt.

---

[1] 10518/16.
[2] 10730/16.